AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.12.2023
COM(2023) 758 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

de bhun Airteagal 14(3) of Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú

Clár Ábhar

1. RÉAMHRÁ 3
2. CUSPÓIRÍ ATÁ LE BAINT AMACH 4
3. AILTIREACHT AN TIONSCADAIL AGUS AN CUR CHUIGE PLEANÁLA 5
   Céim 1 – An Coincheapú 5
   Céim 2 – an Córas a fhorbairt 5
   Céim 3 – Cur in Úsáid agus Oibriú 6
4. FORLÉARGAS AR AN DUL CHUN CINN 6
   Forbairt tionscadail 6
   Modheolaíocht: cur chuige a úsáidtear chun an Córas AEC a chur i bhfeidhm 7
   Pleanáil ardleibhéil 7
   Iarratas ar Athruithe 8
   Sineirgí seachtracha 8
   Comhar Inmheánach 8
   Obair leis an nGrúpa Tionscadail um 'Dhigitiú Earraí Cultúir' 8
5. RIOSCAÍ MAIDIR LE MOILLEANNA 9
   Riosca 1 – Leithdháileadh foirne 9
   Riosca 2 — Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custaim agus tosaíochtaí foriomlána forbartha custaim TF 9
   Gníomhaíochtaí maolúcháin 10
6. CONCLÚIDÍ 10

IARSCRÍBHINN I: PLEANÁIL STRAITÉISEACH ILBHLIANTÚIL 11

IARSCRÍBHINN II: PRÍOMHCHÉIMEANNA TIONSCADAIL AGUS AMLÍNE NA NGARSPRIOCANNA RÍTHÁBHACHTACHA 13

GLUAIS

Cás Gnó	An doiciméad lena soláthraítear an bonn cirt leis an tionscadal TF agus lena sainmhínítear a riachtanais bhuiséadacha.
Doiciméad Físe	Is doiciméad é an Doiciméad Físe ina dtugtar tuilleadh sonraí faoi na boinn tuisceana a rinneadh sa Doiciméad Cáis Gnó. Taifeadtar ann comhpháirtíocht úinéir an chórais/sholáthraí an chórais agus tuiscint ar an gcóras agus é seo á scríobh.
An Córas um Allmhairiú Earraí Cultúrtha (AEC)	An Córas um Allmhairiú Earraí Cultúir – an córas leictreonach láraithe le haghaidh allmhairiú earraí cultúir.
An Córas TRACES	Córas um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe – ardán ilteangach ar líne an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh deimhniú sláintíochta agus físeashláintíochta.
CSW-CERTEX AE	Córas an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam – Malartú Deimhnithe.
CAI	An Creat Airgeadais Ilbhliantúil; buiséad fadtéarmach an Aontais, a mhairfidh ó 2021 go 2027.
Samhaltú ar phróiseas gnólachta (BPM)	Samhaltú ar Phróiseas Gnólachta – leis an Samhaltú ar Phróiseas Gnólachta ar leibhéal an fheidhmchláir tugtar tuairisc ar an bpróiseas gnólachta ina iomláine agus ar an sreabhadh faisnéise le haghaidh feidhmchláir, ag comhlánú Samhaltú ar Phróiseas Gnólachta an Chórais a cruthaíodh le linn na céime ‘Sonraíocht an Chórais’, chun riachtanais an fheidhmchláir féin a chur san áireamh.
Doiciméad maidir le Critéir Glactha Gnó (BAC)	An cháipéis maidir le Critéir Glactha Gnó

1. RÉAMHRÁ

Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019[1] maidir le tabhairt isteach agus allmhairiú earraí cultúir (dá ngairfear 'an Rialachán' anseo feasta) cosc a chur ar thrádáil aindleathach in earraí cultúir, go háirithe nuair a chuireann sí le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a mhaoiniú, agus toirmeasc a chur ar allmhairiú earraí cultúir a onnmhairítear go neamhdhleathach ó thríú tíortha isteach i gcríoch custaim an Aontais.

Leis an Rialachán, cuirtear allmhairiú earraí cultúir áirithe a mheastar a bheith i mbaol mór (mar atá, réada seandálaíochta agus codanna de shéadchomharthaí nach bhfuil iomlán ina bpíosaí) faoi réir ceadúnais allmhairiúcháin agus cuirtear cinn eile, a mheastar a bheith i mbaol níos lú, faoi réir ráitis ón allmhaireoir agus áirithítear go ndéantar rialuithe aonfhoirmeacha orthu nuair a allmhairítear isteach san Aontas iad. Tá allmhairí áirithe earraí cultúir atá beartaithe le haghaidh úsáidí sonracha (úsáidí oideachasúla, eolaíocha nó a bhaineann le taighde) díolmhaithe ó na ceanglais dhoiciméadacha sin.

Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid ar allmhaireoirí ceadúnas allmhairiúcháin a fháil nó ráiteas ón allmhaireoir a dhréachtú agus a chur faoi bhráid lucht custam go dtí go dtiocfaidh córas leictreonach láraithe (an córas AEC) chun bheith oibríochtúil.

Feidhmeoidh an córas ICG ní hamháin mar mhodh a úsáidfidh oibreoirí chun foirmiúlachtaí a bhaint amach, ach freisin mar mhodh chun faisnéis a stóráil agus a mhalartú idir riaracháin na mBallstát atá i gceannas ar an Rialachán a chur chun feidhme (na húdaráis chustaim agus chultúrtha).

Braitheann feidhmiú chóras AEC ar Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/2399[2], lena soláthraítear bunús dlí d'fheidhmiú Mhalartú Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam (CSW-CERTEX AE).

Is é CSW-CERTEX AE an chomhpháirt lárnach d'Ionad Ilfreastail AE agus d'fhorbair an Coimisiún é chun Timpeallachtaí Ionaid Ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a nascadh le córais nó bunachair shonraí an Aontais lena mbainisítear ceanglais neamhchustaim ionas gur féidir le gach údarás ábhartha rochtain a fháil ar na sonraí ábhartha agus comhoibriú ar bhealach níos éasca ar sheiceálacha teorann.

Gach 12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus, go dtí go dtiocfaidh an córas AEC i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcóras leictreonach sin a bhunú.

Tugadh breac-chuntas sa chéad tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn[3] ar an mbeart a rinne a sheirbhísí sa chéad bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin, is é sin: (a) an obair ullmhúcháin chun na forálacha cur chun feidhme is gá a ghlacadh, agus (b) na comhairliúcháin leis na Ballstáit tríd an nGrúpa Saineolaithe maidir le saincheisteanna

[1] IO L 151, 7.6.2019, lgh. 1-14
[2] Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1).
[3] COM(2020) 342 final

custaim a bhaineann le hearraí cultúir agus leis an nGrúpa Tionscadal um allmhairiú earraí cultúir.

Sa dara tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn cuireadh i láthair [4] an dul chun cinn a baineadh amach trí ghlacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1079 gCoimisiún[5], chomh maith le rolladh amach Chéim 1 – 'Coincheapú' an tionscadail AEC, an obair a rinne an Grúpa Tionscadail a cruthaíodh chun na críche sin agus an cur chun cinn i leith an Cháis Ghnó agus an Doiciméid Físe don tionscadal AEC.

Cumhdaíodh an méid seo a leanas sa tríú tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn ón gCoimisiún[6]:

(a) bailchríoch a chur ar an gcéad leagan den phacáiste Samhlacha Próiseas Gnó don chóras AEC. Beidh gá leis an bpacáiste a thabhairt cothrom le dáta a thuilleadh le linn na céime forbartha.

(b) tabhairt chun críche an Doiciméid maidir le Critéir Glactha Gnó (BAC), ina dtugtar tuairisc ar na cásanna tástála ar fad is gá chun na ceanglais ghnó agus na ceanglais fheidhmiúla don chóras AEC a thástáil go cuimsitheach, chun a áirithiú gur féidir na riachtanais ghnó shainaitheanta uile a chur i bhfeidhm leis.

(c) cruthú scéalta úsáideoirí agus a n-ailíniú leis na Critéir Glactha Gnó (BAC), fíorú na faisnéise is gá do na forbróirí chun na feidhmiúlachtaí is gá chun na riachtanais a chomhlíonadh a mheas agus a chur chun feidhme.

Sa cheathrú tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn seo cumhdaítear an tréimhse idir mí Iúil 2022 agus mí an Mheithimh 2023. Ar mhaithe le hiomláine, luaitear go hachomair anseo freisin na cuspóirí atá le baint amach, ailtireacht an tionscadail agus an cur chuige pleanála, a shonraítear sna tuarascálacha ar dhul chun cinn a tháinig roimhe seo. Tá achoimre ar an measúnú foriomlán ar an dul chun cinn atá déanta agus ar na rioscaí a sainaithníodh maidir le moill i rannán na gconclúidí den tuarascáil seo.

2. CUSPÓIRÍ ATÁ LE BAINT AMACH

Tá an córas AEC le teacht i bhfeidhm faoin 28 Meitheamh 2025 ar a dhéanaí, mar ar an dáta sin, éireoidh sé sainordaitheach do gach oibreoir ceadúnais allmhairiúcháin a fháil nó ráitis ón allmhaireoir a chur faoi bhráid lucht custaim tríd an gcóras leictreonach sin, ionas go mbeidh siad in ann[7] catagóirí earraí cultúir atá sonrach ó thaobh dlí a allmhairiú isteach san Aontas.

Tar éis Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1079 ón gCoimisiún a ghlacadh i mí an Mheithimh 2021 agus tar éis an Doiciméad Físe a fhormheas, cuireadh tús le céim forbartha an chórais AEC sa dara ráithe de 2022. Mairfidh an chéim thart ar 2 bhliain, agus cuirfear tús leis an tríú céim ag deireadh na tréimhse sin. Sa tríú céim, beidh an córas AEC idirnasctha le

[4] COM (2021) 358 final
[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1079 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú; IOAE L 234 an 2.7.2021, lch. 67.
[6] COM(2022) 580 final
[7] Sa Rialachán sainaithnítear 'allmhairiú' mar earraí a chur faoi na nósanna imeachta custaim seo a leanas: scaoileadh i saorchúrsaíocht; stóráil i stórais chustaim nó i saorchriosanna; cead isteach sealadach; agus úsáid deiridh, lena n-áirítear próiseáil isteach.

CSW-CERTEX AE, chun malartú doiciméad trí chórais chustaim na mBallstát a éascú. An tráth céanna, eagrófar seisiúin oiliúna chun taithí a thabhairt dá lucht riaracháin ar fheidhmiúlachtaí oibriúcháin an chórais AEC.

I dteannta gníomhaíochtaí eile de chuid sheirbhísí an Choimisiúin i réimse an chustaim, tá an tionscadal maidir le hallmhairiú earraí cultúir pleanáilte go mion freisin tríd an bPlean Straitéiseach Ilbhliantúil don athbhreithniú ar Chustaim Leictreonach 2019[8] (athbhreithniú MASP-C 2019). In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo (tábla 1) cuirtear sliocht ar fáil maidir le pleanáil an tionscadail ar allmhairiú earraí cultúir as athbhreithniú MASP-C 2019. Meastar go ndéanfar athbhreithniú ar MASP-C faoi dheireadh 2023, agus tabharfar cáipéis an tionscadail cothrom le dáta an tráth sin chun an dul chun cinn iarbhír ar an tionscadal a léiriú.

Mar a luadh cheana, forbraítear cuid den tionscadal ar allmhairiú earraí cultúir freisin laistigh de Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam arb é CERTEX an príomh-chomhpháirt inti. In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo (tábla 2) cuirtear sliocht ar fáil freisin maidir le pleanáil athbhreithniú 2019 ar CSW-CERTEX AE as Cáipéis 1.13 MASP-C.

3. AILTIREACHT AN TIONSCADAIL AGUS AN CUR CHUIGE PLEANÁLA

Mar a mhínítear go hanailíseach sa chéad tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn, tá Ailtireacht an Tionscadail bunaithe ar an modheolaíocht dá bhforáiltear in athbhreithniú MASP-C 2019 agus sna hIarscríbhinní a ghabhann leis, lena n-áirítear an Scéim Rialachais[9], Beartas an Aontais um Shamhaltú ar Próiseas Gnólachta Custam[10] agus an straitéis TF[11]. In Iarscríbhinn II mionsonraíttear treochlár cuimsitheach, ina bhfuil na príomhchéimeanna tionscadail agus na garspriocanna ríthábhachtacha.

In ainneoin go bhfuil an tionscadal ag dul ar aghaidh ar leibhéil éagsúla an tráth céanna, is féidir é a roinnt go fíorach ina thrí phríomhchéim:

Céim 1 – An Coincheapú Ar dtús, ullmhaítear Cás Gnó ina soláthraítear údar an tionscadail agus ina sainítear riachtanais bhuiséadacha. Ina theannta sin, táirgtear Leibhéal 3 (Ceanglais Úsáideora BPM) agus Leibhéal 4 (ceanglais fheidhmiúla BPM), agus é d'aidhm acu léiriú amhairc a sholáthar ar phróisis ghnó agus riachtanais fheidhmiúla mhionsonraithe chun a ráthú go bhfeidhmeoidh an córas oibriúcháin TF atá beartaithe mar a leagtar amach sa reachtaíocht. Ansin táirgtear Doiciméad Físe, ina soláthraítear faisnéis níos mionsonraithe ar shainiú an tionscadail ó thaobh ailtireachta, costais, ama agus riosca, chomh maith le faisnéis amhail garspriocanna, táirgí insoláthartha agus eagrú tionscadail. Léirítear sna doiciméid sin plé, agus inneachar an ghnímh cur chun feidhme atá le táirgeadh ag an gCoimisiún.

Céim 2 – an Córas a fhorbairt Ar bhonn fhorálacha an ghnímh cur chun feidhme, agus ceanglais úsáideora agus sonraíochtaí feidhmiúla an chórais, forbraítear sonraíochtaí teicniúla maidir leis an gcaoi a dtógfar an córas. Áirítear ar na sonraíochtaí teicniúla sin: an ailtireacht atá le húsáid, na teachtaireachtaí atá le cur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha, na comhéadain le córais eile, pleananna tástála, etc.

[8] Féach https://ec.europa.eu/taxation_customs/general-information-customs/electronic-customs_en.
[9] https://ec.europa.eu/taxation_customs/sites/taxation/files/2019_masp_annex3_en.pdf
[10] https://ec.europa.eu/taxation_customs/sites/taxation/files/2019_masp_annex4_en.pdf
[11] https://ec.europa.eu/taxation_customs/sites/taxation/files/2019_masp_annex5_en.pdf

A luaithe a bheidh dearadh an chórais réidh ó thaobh an choincheapa de agus nuair a tháirgfear na táirgí insoláthartha a liostaítear i dTábla 1, Garspriocanna 1 agus 3 (féach Iarscríbhinn I), cuirfear tús le hobair níos cuimsithí agus cuirtear gnéithe níos teicniúla san áireamh sna Sonraíochtaí Feidhmiúcháin & Seirbhíse agus doiciméid Sonraíochtaí Córais Theicniúil, atá mar choincréitiú ar an gCás Gnó (a ullmhaítear le linn Chéim 1) agus ar an Doiciméad Físe (a ullmhaítear le linn Chéim 2). Comhtháthófar AEC san ardán TRACES atá ann cheana agus dá bhrí sin athúsáidfear go pointe áirithe na sonraíochtaí, an ailtireacht, na teachtaireachtaí agus an comhéadan atá ann cheana.

Céim 3 – Cur in Úsáid agus Oibriú Cuirtear tús leis an gcéim forbartha iarbhír TF (Céim na Tógála), agus ina dhiaidh sin beidh an Idirthréimhse ann ina ndéanfar na leaganacha luatha den chóras AEC a rolladh amach de réir a chéile chuig na grúpaí éagsúla úsáideoirí agus déanfar tástálacha lena áirithiú, faoin 28 Meitheamh 2025, go mbeidh oibreoirí agus údaráis inniúla cumasach agus dea-oilte maidir le húsáid an chórais. Leanfaidh tréimhse iarchúraim 6 mhí an chéim sin, ina ndéanfar an córas a mhionchoigeartú chun freastal ar aon riachtanas oibríochtúla a d'fhéadfadh nach dtiocfadh sé chun solais go dtí gur sainordaitheach córas TF a úsáid, agus chun a áirithiú go n-oibreoidh na hoibríochtaí go rianúil.

Tá sé le tabhairt faoi deara go mbeidh an córas AEC idirnasctha le riaracháin custaim na mBallstát trí CSW-CERTEX AE f**aoin 3 Márta 2025**, tar éis ghlacadh an Rialacháin ón gCoimisiún maidir le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custaim[12] chun rialuithe uathoibrithe custaim a cheadú ar na doiciméid arna n-eisiúint le haghaidh allmhairiú earraí cultúir. Beidh gá le Tástáil Chomhréireachta don ghníomhaíocht sin.

4. FORLÉARGAS AR AN DUL CHUN CINN

Forbairt tionscadail

Rinneadh dul chun cinn maith maidir leis na gníomhaíochtaí teicniúla le linn na tréimhse tuairiscithe. Sa dara ráithe de 2022, cuireadh tús le forbairt an chórais AEC, agus aghaidh á tabhairt ar an mbonneagar feidhmiúil ginearálta leis na chéad scaoiltí inmheánacha (i.e. eintitis tacaíochta, sonraí tagartha, úsáideoirí, róil, innéacsanna cuardaigh agus eile), chomh maith leis na príomhshreabha oibre (i.e. sreafaí oibre maidir le clárú/cur isteach le haghaidh na bhfoirmeacha is gá ag céim an allmhairithe, ag dréachtshreabha oibre coigilte, etc.).

Ós rud é go bhfuil na chéad torthaí ar fáil cheana féin, rinne an Coimisiún 3 léiriú fhorleathana ar an nGrúpa Tionscadail, rud a thaispeáin an córas do na Ballstáit rannpháirteacha. Cé go raibh na hiarrachtaí dírithe ar na príomhfheidhmiúlachtaí a leathnú chuig na cumais bhainistíochta iomlána, díríodh freisin ar choincheapa feidhmiúla nua a shainiú amhail an t-éascú allmhairiúcháin ina dhiaidh sin, iarratas a dhéanamh ar cheadúnas lena gcumhdaítear réada iomadúla, scoilt na n-iarratas ar cheadúnas nó gné coimre dlí tríú tíortha AEC.

[12] Tar éis beagnach 10 mbliana de threoirthionscadail agus beagnach 4 bliana d'ullmhúcháin agus de chaibidlíochtaí, tháinig an Rialachán lena mbunaítear Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam chun bheith ia chuid de dhlí an Aontais i mí na Nollag 2022, rud lenar soláthraíodh creat dlíthiúil nua chun feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise agus ar chomhar digiteach idir riaracháin chustaim agus údaráis rialtais eile.

Ina theannta sin, sa chéad ráithe de 2023 seoladh na gníomhaíochtaí gnó le haghaidh chomhtháthú CSW-CERTEX AE, ionas go mbeidh rochtain ag lucht custaim ar cheadúnais allmhairiúcháin nó ar ráitis ón allmhaireoir trí CSW-CERTEX AE faoi thús 2025, i gcomhréir leis an sceideal le haghaidh theacht i bhfeidhm an chórais AEC.

Modheolaíocht: cur chuige a úsáidtear chun an Córas AEC a chur i bhfeidhm

Is meascán é an cur chuige modheolaíochta a úsáidtear chun AEC a chur chun feidhme idir modheolaíochtaí agus cleachtais éagsúla sheirbhísí an Choimisiúin maidir le coincheapú, dearbhú cáilíochta, forbairt agus cur in úsáid. Sa chomhthéacs sin, leis na cruinnithe inmheánacha tráthrialta agus na seisiúin taispeána is féidir fíorfheidhmiúlachtaí a phlé agus a chur chun feidhme, rud lena seachnaítear scáileáin bhréige róchasta. Leis an bpleanáil oiriúnaitheach éascaítear freagairt níos tapúla ar ionchais agus ar athruithe ar bhealach solúbtha. Chun aiseolas cuí a fháil ón réimse agus chun an córas a chur chun feidhme go cuí, déanfar na Ballstáit a chur san áireamh ar bhonn deonach a luaithe a bheidh leagan tástála ann. Beidh rochtain ar an timpeallacht tástála ón taobh amuigh agus úsáid á baint as próifílí oiliúna cineálacha, ón gceathrú ráithe de 2023 ar aghaidh.

Pleanáil ardleibhéil

Déantar na gnéithe AEC a rangú faoi chatagóirí éagsúla mar a léirítear thíos:

(a) ‘Príomhghnéithe AEC agus bonn acu cheana in TRACES’: gnéithe fíor-riachtanacha ina n-athúsáidfear an fheidhmiúlacht atá ann faoi láthair;


(b) ‘Príomhghnéithe AEC gan bonn in TRACES’: gnéithe riachtanacha le tógáil as an nua ar fad;

(c) ‘Gnéithe nach príomhghnéithe AEC iad’: gnéithe atá tábhachtach ach nach bhfuil fíor-riachtanach;

(d) ‘Naisc sheachtracha’: gnéithe a bhraitheann ar ionchuir sheachtracha;

(e) ‘Lasmuigh den raon feidhme’: gnéithe nach mbaineann leis an gcéad leagan den chóras AEC (e.g. an Intleacht Shaorga);

Tugtar meastachán ar an infhaighteacht de réir ráithe sa tábla thíos. Tá an iarracht eagraithe faoi láthair in 8 scaoileadh ón dara ráithe de 2022 go dtí an dara ráithe de 2024, ar choinníoll go bhfuil an t-eagrú sin faoi réir leasú agus optamú sofhreagrúil leanúnach.



Tábla 1: Forbhreathnú ardleibhéil ar spriocanna infhaighteachta

Iarratas ar Athruithe
De réir an Phróisis um Bainistiú Athruithe, aon uair a shainaithnítear athrú, cláraítear é sin i liosta Iarrataí ar Athruithe (RfC). Agus na gníomhaíochtaí forbartha ag dul ar aghaidh agus plé inmheánach ar siúl, sainaithnítear go leor athruithe atá le cur i bhfeidhm ag BPManna AEC Leibhéal 2-Leibhéal 4. Dá bhrí sin, tugtar an doiciméad BPManna agus BAC cothrom le dáta chun an stádas is déanaí i bhfianaise na leasuithe a léiriú. Cuirtear na Ballstáit ar an eolas faoi na hathruithe, ach ní raibh aon tionchar ag na modhnuithe orthu go dtí seo.

Sineirgí seachtracha
Le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí an Coimisiún i ndlúth-theagmháil le heagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail Comhairle Idirnáisiúnta na Músaem chun a áirithiú go n-ionchorpraítear sa chóras gnéithe den bhainistiú riosca, go háirithe ó Liostaí Dearga ICOM[13] agus UNESCO. Ina theannta sin, scrúdaíodh uirlisí eile a d'úsáid ICOM chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint (i.e. Object ID[14], Faireachlann[15], etc.) d'fhonn an gháinneáil aindleathach a chomhrac.

Comhar Inmheánach
Tá comhar fairsing ann idir seirbhísí an Choimisiúin atá freagrach as custaim agus sláinte, atá freagrach as roinnt beartas atá fite fuaite ina chéile. Comhaontaíodh creat oibriúcháin an chomhair idir seirbhísí agus feabhsaíodh é a thuilleadh le linn na tréimhse tuairiscithe trí fhaireachán leanúnach.

Obair leis an nGrúpa Tionscadail um 'Dhigitiú Earraí Cultúir'
Chruthaigh an Coimisiún Grúpa Tionscadail Custaim um Dhigitiú Earraí Cultúir[16] a fheidhmíonn mar fhóram plé do shaineolaithe riaracháin chustaim náisiúnta agus údaráis inniúla (chultúir) ó na Ballstáit a bhfuil taithí acu ar fhoirmiúlachtaí ceadúnaithe a chur i gcrích i gcúrsaí oidhreachta, go háirithe go digiteach. Sholáthair an Grúpa tacaíocht in ullmhú an ghnímh cur chun feidhme, agus tá sé ag cuidiú le seirbhísí an Choimisiúin na paraiméadair a shainiú agus tuilleadh sonraí a thabhairt faoi na critéir do shonraíochtaí feidhmiúla an chórais AEC.

Faoi láthair tá an Grúpa Tionscadail[17] comhdhéanta de thoscairí ó 15 Bhallstát (AT, BE, BG, DK, DE, EE, EL, ES, FR, HU, IT, LV, NL, PT agus RO) agus tháinig sé le chéile 14 huaire go dtí seo (6 huaire le linn na tréimhse tuairiscithe 29.6.2022-28.6.2023).

Le linn na tréimhse tuairiscithe sin, is iad na hábhair seo a leanas go príomha a rinne an Grúpa Tionscadail a scrúdú, agus a shaineolas agus a léargas a sholáthar ina leith:

- Treoirlínte d'údaráis inniúla maidir le clárúcháin eintiteas sa chóras AEC a bhailíochtú, ar eintitis iad ar féidir leo tairbhe a bhaint as na díolúintí ó cheanglais cheadúnúcháin nó ó cheanglais ráitis maidir le hallmhairí sealadacha a bhfuil cuspóir oideachais, eolaíoch nó

[13] https://icom.museum/en/resources/red-lists/
[14] https://icom.museum/en/resources/standards-guidelines/objectid/
[15] https://www.obs-traffic.museum/
[16] Feidhmíonn an Grúpa Tionscadail um Dhigitiú Earraí Cultúir mar ardán plé, ina dtagann le chéile saineolaithe ó riaracháin chustaim náisiúnta agus ó údaráis inniúla (chultúir) a bhfuil taithí acu ar fhoirmiúlachtaí ceadúnaithe i gcúrsaí oidhreachta a chur i gcrích, go háirithe go digiteach, chun tacaíocht a sholáthar do na gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt an Chórais AEC.
[17] Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi shainordú agus obair an Ghrúpa Tionscadail, féach an chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ón gCoimisiún COM(2020) 342 final.

taighde ag baint leo. Doiciméad dea-chleachtas a chruthú chun a áirithiú go n-úsáidfidh údaráis inniúla uile na mBallstát na critéir mheastóireachta chéanna nuair a dhéanann siad na clárúcháin sin a bhailíochtú.

- Struchtúr riaracháin na n-údarás inniúil sna Ballstáit a thuiscint agus é a chomhchuibhiú le cumraíocht agus le coincheapa an chórais AEC agus an chórais TRACES, chun iarratais ar cheadúnais a dhíriú gach uair chuig an údarás inniúil iomchuí.
- Conas an t-éascú a thairgtear d'allmhaireoirí a eagrú ar an mbealach is fearr sa chóras AEC i gcás allmhairiú ina dhiaidh sin earra cultúir a bhí ceadúnaithe roimhe sin.
- Agus é d'aidhm aige gné leabharlainne dlí tríú tír a chruthú laistigh den chóras AEC chun cuidiú leis na húdaráis inniúla, le lucht chustaim agus le hallmhaireoirí a shainaithint cé acu is ann nó nach ann do cheanglas maidir le deimhniú onnmhairiúcháin nó toirmeasc onnmhairiúcháin i dtríú tíortha, dearadh teimpléad i ndlúthchomhar le comhaltaí an Ghrúpa Tionscadail, chun feidhmiú mar phróifíl eiseamail leabharlainne.
- Conas iarratais ar cheadúnais allmhairiúcháin lena gcumhdaítear coinsíneachtaí earraí cultúir iomadúla a láimhseáil sa chóras AEC; leas a bhaint as taithí phraiticiúil na n-údarás inniúil i gcomhthéacs ceadúnas onnmhairiúcháin faoi Rialachán (CE) 116/2009.
- Tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí chun sreabhadh oibre iarratais ar cheadúnas allmhairiúcháin ag a bhfuil réada iomadúla a eagrú, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an údarás inniúil an ceadúnas a dheonú i gcás cuid de na réada ach an t-iarratas a dhiúltú maidir leis an gcuid eile.
- I gcomhthéacs na réimsí saorthéacs laistigh de theimpléid na gceadúnas allmhairiúcháin agus na ráiteas ón allmhaireoir a laghdú, chuathas i gcomhairle leis na comhaltaí maidir le liostaí luachanna a chruthú chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí staidrimh.

Ina theannta sin, le linn na tréimhse tuairiscithe agus ós rud é gur cruthaíodh feidhmiúlachtaí nua agus gur cuireadh leis an gcóras iad, rinne foireann forbróirí AEC trí léiriú don Ghrúpa chun aiseolas a fháil ar chur chun feidhme na ngnéithe nua.

5. RIOSCAÍ MAIDIR LE MOILLEANNA

Riosca 1 – Leithdháileadh foirne

Ní dhearna foráil sa togra tosaigh ón gCoimisiún maidir le córas TF a chruthú. Mar sin, níor leithdháileadh acmhainní dá réir. Mar sin féin, le linn na caibidlíochta agus ar iarratas ó na comhreachtóirí, áiríodh cruthú an chórais AEC sa Rialachán, inar iarradh acmhainní breise gan choinne ag an bpointe sin. Measadh, tráth na gcruinnithe tríthaobhacha polaitiúla deiridh i mí na Nollag 2018, gur dhá phost Riarthóra lánaimseartha a bheadh i gceist le riachtanais an tionscadail 6 bliana sin i dtéarmaí pearsanra forbartha TF. Mar sin féin, ní fhéadfaí ach Riarthóir lánaimseartha amháin a leithdháileadh ó bhí lár mhí Iúil 2020 ann.

Riosca 2 — Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custaim agus tosaíochtaí foriomlána forbartha custaim TF

Tá córas AEC idirspleách ar chur chun feidhme ceart CSW-CERTEX AE, an chomhpháirt lárnach de Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, chun faisnéis a mhalartú le timpeallachtaí an ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam. Tá na rioscaí ar thaobh na mBallstát den chuid is mó agus tá siad nasctha le srianta acmhainní, castacht na dtionscadal agus a gcomhtháthú, saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le conarthaí, soláthar agus maoiniú. Ní mór na rioscaí sin a mheas i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí TF foriomlána na mBallstát, go háirithe tionscadail TF Chód Custaim an Aontais (amhail córais allmhairiúcháin) a bhfuil tionchar indíreach acu ar chur chun feidhme foriomlán AEC.

Imríodh tionchar acmhainní breise ar roinnt Ballstát a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin. Chun dul i ngleic leis na saincheisteanna maoinithe, tá úsáid na n-ionstraimí ábhartha curtha chun cinn ag COM, lena n-áirítear an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.

Gníomhaíochtaí maolúcháin
Tuairiscíodh na rioscaí go hinmheánach.

6. CONCLÚIDÍ

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhghníomhaíochtaí chun an córas AEC a fhorbairt a rinneadh le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an gceathrú tuarascáil ar dhul chun cinn mar seo a leanas:

- Tá tús curtha le forbairt an chóras AEC agus is féidir na chéad torthaí bunúsacha a fheiceáil ar an scáileán cheana féin. Tá príomh-fheidhmeanna AEC, amhail cruthú doiciméad, coigilt mar dhréacht agus cur isteach nó clárú doiciméad le haghaidh gach cineáil earra cultúir, mar shampla, ag oibriú cheana féin.
- Táthar ag díriú anois ar na príomhfheidhmiúlachtaí sin a leathnú chuig cumais bhainistíochta iomlána an chórais.Tá na hiarrachtaí atá beartaithe faoi na 8 scaoileadh inmheánacha ón dara ráithe de 2022 go dtí an dara ráithe de 2024 ar an mbóthar ceart, agus a n-eagrú faoi réir oiriúnuithe leanúnacha an mhodha *Agile*.
- Le dlúthchomhar le comhaltaí an Ghrúpa Tionscadail um ‘Dhigitiú Earraí Cultúir’, bhíothas in ann na gníomhaíochtaí teicniúla a chur chun cinn agus rinneadh trí léiriú ar an gcóras AEC i gcomhthéacs chruinnithe tráthrialta an Ghrúpa Tionscadail.
- Comhaontaíodh coincheapa feidhmiúla nua AEC agus cuireadh chun feidhme iad amhail éascú i gcás allmhairiú ina dhiaidh sin earraí cultúir a ceadaíodh roimhe sin, réada iomadúla faoin gceadúnas allmhairiúcháin céanna, scoilt na n-iarratas ar cheadúnas, etc.
- Cruthaíodh teimpléad feidhmiúil do phróifílí dlí tríú tír. Leis an ngné Leabharlainne dlí tríú tír de chuid AEC cuideofar le riaracháin agus le hoibreoirí araon a shainaithint cé acu atá nó nach bhfuil onnmhairiú earraí cultúir ó thríú tír ar leith faoi réir srianta nó toirmeasc.
- Seoladh na gníomhaíochtaí gnó le haghaidh chomhtháthú CSW-CERTEX AE chun go mbeidh rochtain ag lucht custaim ar dhoiciméid chóras AEC faoi thús 2025, i gcomhréir le teacht i bhfeidhm an chórais ríomhcheadúnaithe AEC. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an obair ar naisc sheachtracha eile, mar shampla an nasc le EORI.
- De réir gharspriocanna MASP-C 2019, seoladh an obair ar na Sonraíochtaí Feidhmiúcháin & Seirbhíse agus Sonraíochtaí maidir leis an gCóras Teicniúil.
- Go dtí seo tá sprioc-amanna forbartha á mbaint amach ag an gCoimisiún de réir an sceidil agus níor sainaithníodh aon riosca mór maidir le moilleanna.

IARSCRÍBHINN I: PLEANÁIL STRAITÉISEACH ILBHLIANTÚIL

Áirítear le MASP-C bainistiú éifeachtach agus comhleanúnach tionscadal TF trí chreat straitéiseach agus garspriocanna a leagan amach laistigh de na sprioc-amanna dlíthiúla arna mbunú sa reachtaíocht. Rinne na Ballstáit é a fhormhuiniú ar deireadh sa Ghrúpa um Beartas Custaim bunaithe ar chomhairle a sholáthair an Grúpa um Chomhordú Leictreonach Custaim agus comhairliúcháin le lucht trádála i nGrúpa Teagmhála na Trádála (TCG).
Tá an phleanáil le haghaidh an chórais leictreonaigh pléite agus formheasta ag na Ballstáit agus tá tuairisc mhionsonraithe uirthi i gCáipéis 1.18. d'athbhreithniú MASP-C 2019.

I dTábla 1 thíos soláthraítear sliocht as pleanáil an tionscadail maidir le hallmhairiú earraí cultúir ó Cháipéis 1.18 d'athbhreithniú MASP-C 2019.

Tábla 1 – Sliocht as Cáipéis 1.18 d' athbhreithniú MASP-C 2019		
	Garspriocanna	*Dáta críochnaithe measta*
1	Anailís Gnó agus Samhaltú Gnó	
	- Doiciméad Cáis Gnó	R4 2020
	- Leibhéal 3 (Ceanglais Úsáideora BPM)	R1 2022
	- Leibhéal 4 (Ceanglas Feidhmiúil BPM mionsonraithe)	R1 2022
2	Forálacha Dlíthiúla	
	- Na forálacha atá ann faoi láthair arna nglacadh*	R2 2019
	- Forálacha don am atá le teacht arna nglacadh**	R2 2021
3	Céim Thionscnaimh an Tionscadail	
	- Doiciméad Físe	R2 2021
	- Cinneadh 'Lean ar Aghaidh'	R2 2021
4	Tionscadal TF	
	- Sonraíochtaí Feidhmiúcháin & Seirbhíse	R2 2023
	- Sonraíochtaí maidir leis an gCóras Teicniúil	R2 2023
	Céim na Tógála	
	- Cur chun feidhme na seirbhísí lárnacha	R3 2024
	- Comhtháthú seirbhíse i gCórais Náisiúnta	Neamhbhainteach
	- Cur chun feidhme náisiúnta	Neamhbhainteach
	Céim Aistrithe	
	- Cur in úsáid agus rolladh amach	R4 2024
	- Tástálacha Comhréireachta	R2 2025
5	Oibríocht	
	- An Coimisiún, Riaracháin na mBallstát agus Trádálaithe	R2 2025
	- Tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad agus trádálaithe nach trádálaithe den Aontas Eorpach iad (más gá)	Neamhbhainteach
6	Tacaíocht cur chun feidhme (oiliúint agus cumarsáid)	
	- Oiliúint agus cumarsáid a forbraíodh go lárnach	R4 2024
	- Oiliúint agus cumarsáid náisiúnta	R4 2024

*Tagraíonn na forálacha atá ann faoi láthair do Rialachán (AE) 2019/880
**Tagraíonn forálacha don am atá le teacht do na forálacha cur chun feidhme atá le glacadh de réir Rialachán (AE) 2019/880

Soláthraítear i dTábla 2 sliocht de thionscadal CSW-CERTEX AE, le fócas ar Chomhpháirt 2 de thionscadal CSW CERTEX AE, ag idirnascadh an chórais AEC.

Tábla 2 – Sliocht as Cáipéis 1.13 d'athbhreithniú MASP-C – Comhpháirt 2 'CSW-CERTEX AE'		
	Garspriocanna	*Dáta críochnaithe measta*
1	Anailís Gnó agus Samhaltú Gnó	
	- Doiciméad Cáis Gnó	R1 2017
	- Iarscríbhinn maidir le Cás Gnó	R2 2023
	- Leibhéal 3 (Ceanglais Úsáideora BPM)	R1 2024
	- Leibhéal 4 (Ceanglas Feidhmiúil BPM mionsonraithe)	R1 2024
2	Forálacha Dlíthiúla	
	- Na forálacha atá ann faoi láthair arna nglacadh*	I bhfeidhm
	- Forálacha don am atá le teacht arna nglacadh**	2021
3	Céim Thionscnaimh an Tionscadail	
	- Doiciméad Físe	R3 2017
	- Iarscríbhinn an Doiciméid Físe	R3 2023
	- Cinneadh 'Lean ar Aghaidh'	R3 2023
4	Tionscadal TF	
	- Sonraíochtaí Feidhmiúcháin & Seirbhíse	R2 2024
	- Sonraíochtaí maidir leis an gCóras Teicniúil	R2 2024
	Céim na Tógála	
	- Cur chun feidhme na seirbhísí lárnacha	R3 2024
	- Comhtháthú seirbhíse i gCórais Náisiúnta	Ó R4 2024 ar aghaidh
	- Cur chun feidhme náisiúnta	Ó R4 2024 ar aghaidh
	Céim Aistrithe	
	- Cur in úsáid agus rolladh amach	R4 2024
	- Tástálacha Comhréireachta	Ó R1 2025 ar aghaidh
5	Oibríocht	
	- An Coimisiún, Riaracháin na mBallstát agus Trádálaithe (NB: Is é sin an dáta Oibríochtaí don Choimisiún, déanfaidh na Ballstáit tástáil chomhréireachta ó R2 2020)	R2 2025
	- Tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad agus trádálaithe nach trádálaithe den Aontas Eorpach iad (más gá)	Neamhbhainteach
6	Tacaíocht cur chun feidhme (oiliúint agus cumarsáid)	
	- Oiliúint agus cumarsáid a forbraíodh go lárnach	Neamhbhainteach
	- Oiliúint agus cumarsáid náisiúnta	Neamhbhainteach

*Tagraíonn na forálacha atá ann faoi láthair do Rialachán (AE) 2019/880
**Tagraíonn forálacha don am atá le teacht do na forálacha cur chun feidhme atá le glacadh de réir Rialachán (AE) 2019/880

IARSCRÍBHINN II: PRÍOMHCHÉIMEANNA TIONSCADAIL AGUS AMLÍNE NA NGARSPRIOCANNA RÍTHÁBHACHTACHA

